AG GABHÁIL LEIS AN BHFOIRM IARRATAIS DO DHEONTAS DO MHIC LÉINN 2008/09

H.E.G.
SCÉIM DHEONTAS ARDOIDEACHAIS 2008

V.E.C.
SCÉIM SCOLÁIREACHTAÍ NA GCOISTÍ GAIRMOIDEACHAIS 2008

T.L.T.
SCÉIM DHEONTAS COTHABHÁLA TRÍÚ LEIBHÉAL D'OILIÚNAITHE 2008

P.L.C.
SCÉIM DHEONTAS COTHABHÁLA DO MHIC LÉINN A FHREASTALAÍONN AR CHÚRSAÍ IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA 2008

Mar eolas amháin

NDP
National Development Plan 2007 - 2013

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

CLÁR

Nótaí Mínithe ar an Fhoirm Iarratais ar Dheontas a chomhlánú

		Page
An Fhoirm Iarratais ar Dheontas a chomhlánú		2
Sonraí Pearsanta		2
Codanna 1 & 3	Ioncam ó Fhostaíocht/Pinsin seachas Pinsin Leasa Shóisialaigh (agus cnapshuim ar scor san áireamh)	3
Cuid 2	Ioncam ó Íocaíochtaí uilig Leasa Shóisialaigh/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	4
Cuid 4	Ioncam ó Fhéinfhostaíocht, Feirmeoireacht san áireamh	5
Cuid 5	Cíos agus ioncam eile ó Thalamh agus Maoin	7
Cuid 6	Ollioncam i gCuntais Taisce/Infheistíochtaí/SSIA srl.	8
Cuid 7	Ioncam ó Shocruithe Cothabhála, Idirscaradh/Colscaradh Socrúcháin, Iontaobhais, Cúnaintí, Eastáití srl.	8
Cuid 8	Diúscairt ar Shócmhainní agus Cearta	9
Cuid 9	Bronntanais agus Oidhreachtaí	10
Cuid 10	Ioncam ó fhoinsí nach dtaispeántar aon áit eile	11
Athruithe in Imthosca		11
Athbhreithniú/Athmheas		11

Mar eolas amháin

An Fhoirm Iarratais ar Dheontas a chomhlánú

Sa chaoi is gur féidir d'incháilitheacht do chúnamh airgeadais a mheas maidir le cúrsa ardoideachais nó breisoideachais faoi cheann de na Scéimeanna Deontais Cothabhála do Mhic Léinn, caithfear Foirm Iarratais do Dheontas do Mhic Léinn a chomhlánú.

Caithfear an Leabhrán Nótaí seo agus an scéim cothabhála chuí a léamh agus a thuiscint sula dtosaíonn tú ar an fhoirm a chomhlánú.

Caithfear gach Cuid den iarratas a chomhlánú. Mura mbaineann Cuid le do chás scríobh N/Bh (Ní Bhaineann) go soiléir thar an Cuid. Caithfidh tú tic (✓) a chur ar fhreagra do gach ceist. .

Caithfear Uimhir PSP (PPS) an iarrthóra agus Athair/Máthair/Caomhnóir/Céile mar is cuí a líonadh isteach..

Má theiptear Cuid a chomhlánú is iarratas neamhiomlán a bheidh ann agus seolfar ar ais chugat é. Cuirfidh sé seo moill ar phróiseáil tráthúil an iarratais agus cuirfear moill ar íocaíocht i gcás iarratais rathúil. **Caithfear na dearbhuithe cuí ar leathanach 14 a shíniú**. Tá sé de fhreagrachta ag an iarrthóir a chinntiú go gcuirtear an cháipéiseacht ar fad atá riachtanach isteach.

Má theipeann ar iarrthóir eolas iomlán a thabhairt d'aon ghnó nó mar thoradh ar mhíchruinneas ábhartha, féadfar an dlí a chur ar an iarrthóir, an deontas a scor agus aisíocaíocht le hús a fháil ar aon chuid den deontas atá faighte cheana.

Tá an Scéim Deontais Ardoideachais á reáchtáil ag na hÚdaráis Áitiúla (m.sh. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Luimnigh srl.). Tá na trí scéimeanna eile á reáchtáil ag na Coistí Gairmoideachais (m.sh. Coiste Gairmoideachais Átha Cliath, Coiste Gairmoideachais Chontae Luimnigh srl.)

Má tá deacracht agat d'fhoirm a chomhlánú nó mura bhfuil tú cinnte cén scéim tacaíochta do mhic léinn a bhaineann le do chás féin déan teagmháil led' thoil leis Údarás Áitiúil/CGO mar is cuí.

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais, maraon leis na cáipéisí riachtanacha chuig d'Údarás Áitiúil/CGO mar is cuí.

Tá sonraí na scéime a bhaineann le d'iarratas ar fáil ach iad a iarradh ar d'Údarás Áitiúil/CGO nó ó láithreán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta www.education.ie

Is iad seo a leanas na Scéimeanna Deontais Cothabhála do Mhic Léinn:

- An Scéim Dheontas Ardoideachais, a bhaineann don chuid is mó le Bunchéim Onórach Ollscoile, Ard-Dioplóma, Dioplóma Iarchéime, Máistreacht agus Dochtúireacht (cúrsaí Leibhéal 8, Leibhéal 9 agus Leibhéal 10).
- An Scéim Dheontas Cothabhála Tríú Leibhéal D'oiliúnaithe, a bhaineann leis an gcuid is mó de chúrsaí Ardteastais agus Bunchéimeanna Gnáthleibhéil sna hInstitiúidí Teicneolaíochta (cúrsaí Leibhéal 6 agus Leibhéal 7);
- Scéim Scoláireachtaí na gCoistí Gairmoideachais, a bhaineann Bunchéim Onóracha Breise (cúrsaí Leibhéal 8), nuair atá Ardteastas (cúrsa Leibhéal 6)/ Bunchéim Gnáthleibhéal (cúrsa Leibhéal 7) déanta ag mic léinn cheana. Baineann an scéim seo freisin le cúrsaí áirithe i dTuaisceart Éireann.
- An Scéim Dheontas Cothabhála do Mhic Léinn a fhreastalaíonn ar Chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC).

Sonraí Pearsanta

Tugtar thíos sainmhíniú ar an eolas atá riachtanach chun na Sonraí Pearsanta a chomhlánú

Ceist 1

Ciallaíonn **"iarrthóir"** an duine atá ag cur isteach ar an deontas. Caithfear teastas breithe fada bunaidh an iarrthóra a sholáthar mar chuid den cháipéiseacht tacaíochta.

Mar eolas amháin

Ceist 1 agus Ceist 6

Ciallaíonn **"Uimhir PSP"** d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (mar an gcéanna le hUimhir RSI/Cánach)

Ceist 2

Ciallaíonn **"iarrthóir aibí"** iarrthóir atá 23 bliana d'aois ar a laghad an 1ú Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála ar chúrsa ceadaithe.

Ciallaíonn **"iarrthóir aibí neamhspleách"** iarrthóir atá 23 bliana d'aois ar a laghad an 1ú Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála ar chúrsa ceadaithe agus **nach** raibh ina c(h)ónaí de ghnáth lena t(h)uismitheoirí ón 1ú Deireadh Fómhair 2007 agus gur féidir cruthúnas a thabhairt ina leith sin.

Éileofar fianaise cháipéiseach mar chruthúnas do sheoladh Buan/Ghnáthsheoladh ón 1ú Deireadh Fómhair 2007. Is féidir fianaise de chlárúchán leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, billí teileafóin, gáis nó B.S.L. a chur san áireamh.

Ciallaíonn **"iarrthóir nach iarrthóir aibí"** gach iarrthóir, nach iarrthóir aibí é/í, atá incháilithe le breithniú faoin scéim dheontas.

Ceist 4 agus Ceist 6

Nóta Mínithe ar Cheird: Tabhair cur síos chomh cruinn agus chomh hiomlán agus is féidir ar an gceird, ag rá cén cineál oibre a déantar. Seo a leanas samplaí de na cineálacha cur síos is cóir a dhéanamh: Meicneoir Mótair, Stáitsheirbhíseach - Oifigeach Cléireachais, Innealtóir - Cléireachais, Bainisteoir Siopa Miondíola, Cúramóir Leanaí, Saoiste Láithreáin, Bainisteoir Gharáiste srl.

Ceist 6

Ciallaíonn "céile" gach duine de lánúin phósta atá ag cónaí lena chéile nó fear agus bean nach bhfuil pósta ach atá ag cónaí lena chéile mar fhear agus bean chéile.

Ceist 7

Ciallaíonn **"Sonraí maidir le leanaí cleithiúnacha"** leanaí, lena n-áirítear leanaí altrama, de chuid tuismitheoirí nó caomhnóirí, nó páirt de chuid iarrthóra aibí neamhspleách, mar is cuí, a bhí, ar 1 Deireadh Fómhair 2007:

(i) faoi bhun 16 bliana d'aois, nó

(ii) os cionn 16 bliana d'aois agus

(a) atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha staidéir ag institiúid oideachais agus spleách ar a dtuismitheoirí, nó

(b) a bhfuil deimhniú liachta ina leith go bhfuil siad easlán go buan chun obair a dhéanamh.

Mar eolas amháin

Cuid 1 agus 3 - *Ioncam ó Fhostaíocht/Pinsin seachas Pinsean Leasa Shóisialaigh (agus cnapshuim ar Scor san áireamh)*

Luaigh iomlán an ioncaim chomhlán Éireannaigh agus an ioncaim chomhlán choigríche a tuilleadh sa bhliain ó gach fostaíocht agus pinsean Éireannach agus coigríche, cibé iad a bheith díolmhaithe, nó faoi fhaoiseamh, ó cháin ioncaim na hÉireann.

Is iad na suimeanna atá le hiontráil na suimeanna comhlán iarbhír a tuilleadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 (bliain chánach 2007) - go ginearálta a thaispeántar ar P60/P45 agus an Ráiteas Comhardaithe ÍMAT Ráiteas Comhardaithe - P21, nó, más infheidhme, a gcomhionann coigríche.

Nuair a áiríonn P60/P45 dhuine suimeanna a íocadh sa bhliain chánach 2007, ach a tuilleadh i mblianta cánacha roimhe sin (mar a tharlaíonn nuair a íoctar ragobair, coimisiún, bónais, méaduithe tuarastail go suntasach i riaráistí) ansin is féidir leis an duine roghnú an Cigire Cánach a chur ar an eolas ina leith agus suim na bliana roimhe sin a chur as an áireamh i Ráiteas Comhardaithe P21 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007.

Sa chás go ndéanann duine rogha den sórt sin, beidh feidhm go leanúnach leis do na blianta ar fad dá ndearnadh iarratais ar dheontas – .i. beidh an bhliain/na blianta roimhe sin nó blianta ina dhiaidh faoi réir ag coigeartú.

Caithfear ioncam iomlán **Iarrthóra** a chur san áireamh sa Chuid seo; ceadófar laghdú, áfach, do thuillimh réasúnacha saoire san achoimre ar thuillimhináirithe ar leathanach 11 den fhoirm iarratais.
Ciallaíonn tuillimh **Iarrthóra** ó fhostaíocht saoire tuillimh réasúnta an Iarrthóra ó fhostaíocht lasmuigh d'am téarma.

- **Cáipéiseacht Thacaithe** le cur isteach leis an bhFoirm Iarratais:
  - Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21 nó a chomhionann coigríche, agus
  - P60 nó a chomhionann coigríche, agus, más cuí,
  - P45 nó a chomhionann coigríche,
  - Litir ón bhfostóir agus/nó ón gcomhlacht riarachán pinsin

Ranníocaí Aoisliúntais/CPCS (Cuntas Pearsanta Coigiltis Scoir)

Tá íocaíochtaí a dhéantar i leith ranníocaí aoisliúntais agus ranníocaí CPCS inasbhainte chun críocha deontais ag an méid ceadaithe chun críocha cánach ioncaim i leith an tuillimh don bhliain chánach 2007 amháin – .i. ní cheadófar aon asbhaint d'íocaíochtaí "neamhfhaoisithe" i mblianta roimhe sin. Is éard atá sa doiciméadú a theastaíonn ná cóip den admháil ón institiúid airgeadais soláthróra.

Ioncam Coigríche

Nuair a bhíonn ioncam coigríche ag duine aonair, is iad na suimeanna atá le cur isteach i gCuid 1 na suimeanna comhionann a bheadh ríofa dá n-eascródh an t-ioncam in Éirinn.

Asbhaintí ó Tháirgí Pinsin

Má aisbhaineann duine suimeanna ó tháirge pinsin (mar PRSA, ARF, AMRF) d'úsáid phearsanta - .i. do chúiseanna seachas oll-shuim a íoc ar scor nó pinsin dílleachta a cheannach, caithfear na suimeanna seo a chur san áireamh ag a n-oll-luach i gCuid 10 Leathanach 11 - Ioncam ó fhoinsí nach dtaispeántar in aon áit eile.

Iomarcaíocht

Tá an suim atá le cur isteach maidir le híocaíochtaí ar chríoch a chur le fostaíocht, nó athrú i gcoinníollacha fostaíochta, an tsuim chomhlán a fuarthas roinnte ar líon na mblianta san fhostaíocht - ní cheadaítear aon laghdú don faoiseamh tairsí. Taispeánfaidh sé do thoil do ríomh den mhéid seo, tacaithe ag litir ón bhfostóir ag lua an tsuim a íocadh agus an líon bliana fostaíochta. Ba chóir é seo a chur isteach i gCuid 10 Leathanach 11 - Ioncam ó fhoinsí nach dtaispeántar in aon áit eile.

Mar eolas amháin

Cuid 2 - *Ioncam ó íocaíochtaí uilig Leasa Shóisialaigh/Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

Is í an **CHÁIPÉISEACHT THACAITHE** a éilítear ná ráiteas scríofa ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus, más cuí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ábhartha, nó a gcomhionann coigríche, a thaispeánann: Ainm an Fhaighteora/ Ainm na Scéime / Suim a Fuarthas/ Dáta ar thosaigh íocaíocht agus más infheidhme, An Dáta ar stop an íocaíocht.

Ní áirítear na híocaíochtaí seo a leanas sa ríomh ioncaim ináirith::

- Sochar Leanaí (.i. Liúntas Leanaí),
- Íocaíochtaí Forlíontach Ioncaim Teaghlaig,,
- Íocaíochtaí Tástála Maoine Theaghlach Aon Tuismitheora,
- Liúntas Míchumais (nuair a íoctar le hiarrthóir),
- Pinsean Dall (nuair a íoctar leis an iarrthóir),
- Íocaíocht Caomhnóra (Pinsean Dílleachta roimhe seo)
- Liúntas Filleadh ar an Oideachas,
- Liúntas Chúram Altramais,
- Liúntas Chúram Baile.

Cuid 4 - *Ioncam ó Fhéinfhostaíocht, agus Feirmeoireacht san áireamh*

Is í an tsuim a iontráiltear ná an Brabús/(Caillteanas) coigeartaithe chun críocha Cháin Ioncaim ó gach gníomhaíocht féinfhostaíochta (Éireannach agus coigríche araon) cibé iad a bheith díolmhaithe nó gan a bheith, nó faoi fhaoiseamh, ó cháin ioncaim na hÉireann.

Sa chás go mbeidh duine féinfhostaithe díolmhaithe ó Aischur Ioncaim a chomhadú, ba chóir dó/di measachán brabúis/(caillteanas) óna ghnó/gnó a chur isteach i Roinn 4.

Nuair a bhíonn ioncam coigríche ag duine féinfhostaithe, is í an tsuim atá le cur isteach i gCuid 4 an tsuim chomhionann a bheadh ríofa dá n-eascródh an t-ioncam in Éirinn.

Pointí Soiléirthe

- Tá liúntais chaipitil inasbhainte ón mbrabús coigeartaithe chun críocha cánach i gcinneadh dliteanas cháin ioncaim dhuine aonair - ach **níl** siad inasbhainte i ríomh Ioncaim Ináirithe chun críocha deontais.
- Caithfear cúiteamh maidir le fionraí sealadach chuóta bainne a chur san áireamh in ioncam ó fhéinfhostaíocht. (Déileálann Leathanach 10 le diúscairt chuóta bainne).
- Is costais inasbhainte chun críocha Ioncam Ináirithe iad pionóis a ghearrtar faoin Oll-Thobhach.
- Is costais inasbhainte chun críocha Ioncam Ináirithe iad na costais a thagann chun cinn maidir le cuóta bainne a ligean ar léas.
- Níl meánú ioncaim ceadaithe chun críocha Ioncaim Ináirithe.

Cáipéiseacht Thacaithe le cur isteach leis an bhFoirm Iarratais:.

- Cóip de na Cuntais (.i. Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Caillteanais, Cuntas Caipitil agus Clár Comhardaithe) do gach gnó do bhliain dar chríoch idir 1 Eanáir 2007 agus 31 Nollaig 2007. Ní shásaíonn na leathanaigh coimrithe ó do thuairisc ioncaim an riachtanas do chuntais.
- Liosta(í) P35 a chlúdaíonn an bhliain cuntasaíochta.
- Ríomh Brabúis(/Caillteanais) chun críocha cháin ioncaim don bhliain chánach 2007.
- Cóip den Fhógra Measúnuithe do 2007 nó a choibhéis eachtrach.
- Más cuí, litir reatha ón gCigire Cánach a thugann díolúine do dhuine ó fhorálacha comhadaithe Aischuir..

Léasanna Airgeadais

Is éard is Léas Airgeadais ann ná léas a aistríonn chuig an léasaí go substaintiúil na baoil agus na luachanna saothair ar fad a bhaineann le húinéireacht a bheith ar shócmhainn. Is Léasanna Oibríochta gach léas eile. Níl íocaíochtaí Léasa Airgeadais inasbhainte i ríomh Ioncaim Ináirithe.

Blianachtaí Scoir agus Ranníocaí CPCS

Tá íocaíochtaí a dhéantar i leith Bliantachtaí Scoir agus Ranníocaí CPCS inasbhainte chun críocha deontais ag an méid ceadaithe chun críocha cánach ioncaim i leith thuillimh na bliana cánach 2007 agus sin amháin - .i. ní cheadófar aon asbhaint d'íocaíochtaí "neamhfhaoisithe" i mblianta roimhe sin. Níor chóir na méideanna a chur isteach ach uair amháin .i. i gCuid 4 nó 5, ach ní sa phéire.

Asbhaintí ó Tháirgí Pinsin

Féach ar Aisbhaintí ó Tháirgí Pinsin ar leathanach 4 do mhionsonraí.

Is éard atá sa **CHÁIPÉISEACHT THACAITHE** is gá a chur isteach leis an bhFoirm Iarratais ná cóip den admháil ón institiúid airgeadais soláthróra.

Mar eolas amháin

SCEIDEAL A

ÚS AR IASACHTAÍ DO CHÚISEANNA CAITEACHAIS CAIPITIL

Led' thoil, déan an Sceideal seo thíos a chomhlánú ar leathanach 12 den Fhoirm Iarratais.
Níl ús ar iasachtaí do chúiseanna caiteachais caipitil inaisbhainte chun Ioncam Ináirithe a ríomh. Nuair atá Costas Úis san áireamh sna Cuntais déan an chuid seo a leanas a chomhlánú agus aistrigh an tsuim do chúiseanna caiteachais caipitil go líne (b) ar leathanaigh 8 agus 9 mar is cuí. Mura bhfuil aon suim ann do chúiseanna caiteachais caipitil cuir isteach N/Bh.

Leathanach 8 - Ioncam ó Fhéinfhostaíocht, Feirmeoireacht san áireamh

Ainm Iasachtóra	Cúis Iasachtaíochta	Costas Úis
		€
		€
		€

Iomlán mar atá sna CuntaisTotal for Capital € _____
Iomlán do chúiseanna caiteachais caipitil € _____
(aistrigh an tsuim seo go líne (b) ar leathanach 8)

Leathanach 9 - Cíos agus Ioncam eile ó Thalamh agus Maoin

Ainm Iasachtóra	Cúis Iasachtaíochta	Costas Úis
		€
		€
		€

Iomlán mar atá sna Cuntais € _____
Iomlán do chúiseanna caiteachais caipitil € _____
(aistrigh an tsuim seo go líne (b) ar leathanach 9)

Mar eolas amháin

SCEIDEAL B - COIGEARTÚ LUACH SAOTHAIR

Please complete schedule below on page 8 of the Student Grant Application Form.
Níl na híocaíochtaí ar luach saothair a luaitear thíos inaisbhainte chun Ioncam Ináirithe a ríomh. Nuair atá íocaíochtaí den chineál seo san áireamh sna Cuntais déan an chuid seo a leanas a chomhlánú agus aistrigh an coigeartú iomlán luach saothair a aistriú go líne (c) ar leathanaigh 8 agus 9 mar is cuí. :

	Suim an Choigeartaithe €
a) Luach saothair íoctha le daoine aonair - seachas Oibrithe Ócáideacha Incháilithe nó dearthóireacha/deirfiúracha an iarrthóra - nuair nár cuireadh rialacháin ÍMAT/ÁSPC i bhfeidhm. Suim iomlán san áireamh sna cuntais:	_____
b) Luach saothair íoctha le dearthóireacha/deirfiúracha spleácha (cé acu ar cuiread hrialacháin ÍMAT/ÁSPC i bhfeidhm nó nár cuireadh). Suim iomlán san áireamh sna cuntais:	_____
c) Luach saothair íoctha le dearthóireacha/deirfiúracha neamhspleácha - nuair nár cuireadh rialacháin ÍMAT/ÁSPC i bhfeidhm. Suim iomlán san áireamh sna cuntais:	_____
d) Luach saothair íoctha le dearthóireacha/deirfiúracha neamhspleácha (nuair a cuireadh rialacháin ÍMAT/ÁSPC i bhfeidhm) de bhreis ar rátaí an mhargaidh: €	
Suim iomlán san áireamh sna Cuntais: _____	
Lúide rátaí pá an mhargaidh: _____	
Pá sa bhreis: _____	_____
Coigeartú iomlán luach saothair (a)+(b)+(c)+(d): (aistrigh an tsuim seo go líne (c) ar leathanach 8 nó leathanach 9).	_____

Caithfear **Sceideal** ar leith a ullmhú do gach gnó. Mura bhfuil dóthain spáis agat, bain úsáid as leathanach 16 ar chúl.

Cuid 5 - *Cíos agus Ioncam ó Thalamh/Maoin*

- Seoladh: Luaigh seoladh poist do mhaoin; mura bhfuil fáil ar sheoladh poist do thalamh, luaigh an baile fearainn ina bhfuil an talamh suite

  Is í an tsuim atá le hiontráil an Brabús/(Caillteanas) coigeartaithe chun críocha Cháin Ioncaim ó gach talamh agus maoin (Éireannach agus coigríche araon) cibé an bhfuil siad díolmhaithe, nó a bhfuil faoiseamh faighte in leith, ó cháin ioncaim na hÉireann.

  Sa chás go mbeidh duine díolmhaithe ó Aischur Ioncaim a chomhadú, ba chóir dó/di meastachán brabúis/(caillteanas) ó thalamh/mhaoin a chur isteach i gCuid 5.

  Nuair a bhíonn ioncam coigríche ag duine ó thalamh agus maoin, is í an tsuim atá le hiontráil ná an tsuim chomhionann a ríofaí dá n-eascródh an t-ioncam in Éirinn.

- **POINTE SOILÉIRITHE**
  - Tá liúntais chaipitil (lena n-áirítear iad sin atá inéilithe faoin reachtaíocht um Fhaoiseamh Athnuachana Uirbeach) inasbhainte ón mbrabús coigeartaithe chun críocha cánach i gcinneadh dliteanas cháin ioncaim dhuine aonair - ach níl siad inasbhainte i ríomh Ioncam Ináirithe chun críocha cheontais.

- **CÁIPÉISEACHT THACAITHE** le cur isteach leis an *bhFoirm Iarratais*:
  - Cóip de na Cuntais *(.i. Cuntas Brabúis agus Caillteanais, Cuntas Caipitil agus Clár Comhardaithe)* don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007. Ní shásaíonn na leathanaigh comhrithe ó do thuairisc ioncaim an riachtanas do chuntais.
  - Liosta(í) P35.
  - Ríomh an Bhrabúis/(Chaillteanais) chun críocha cháin ioncaim don bhliain chánach 2007.
  - Cóip den Fhógra Measúnaithe don bhliain chánach 2007 nó a choibhéis eachtrach.
  - Más cuí, litir ón gCigire Cánach ag rá nach gá don duine forálacha chomhdachán tuairisceán a chomhlíonadh.

Mar eolas amháin

Faoiseamh de chineál Ailt 23

Ní cheadaítear aon asbhaint do chaiteachas caipitil, is cuma faoin gcaoí ina bpléitear leis do chúiseanna ioncaim.

Léasanna Airgeadais (mar a mionsonraíodh roimhe seo i gCuid 4)

Bliantachtaí Scoir/ Ranníocaíochtaí CPSC/ Aisbhaintí ó Thairgí Pinsin (mar a mionsonraíodh roimhe seo i gCuid 4)

Sceideal A Ús ar Chaiteachas Caipitil
(mar a mionsonraíodh roimhe seo i gCuid 4)

Sceideal B Coigeartú Tuarastail/Luach Saothair
(mar a mionsonraíodh roimhe seo i gCuid 4)

Cuid 6 - *Ioncam Comhlán ó ChuntaisTaisce/Infheistíochta/CDCS (SSIA) srl.*

- Cuir isteach an tsuim chomhlán do gach ioncam a dhíoraítear ó chuntais taisce, iasachtaí, infheistíochtaí, srl. - Éireannach agus Coigríche araon - cibé an bhfuil siad díolmhaithe nó nach bhfuil, nó faoi fhaoiseamh, ó cháin ioncaim na hÉireann agus/nó ó chánacha coigríche.

- Chun críche Chuid 6, áirítear ar infheistíochtaí deimhnithe coigiltis, bannaí árachas saoil agus ionstraimí airgeadais eile sa chás go gcarnaítear ús/brabús agus go n-íoctar amach mar chnapshuim é ag deireadh na tréimhse infheistíochta. Sa chás go sealbhaítear ionstraimí airgeadais den sórt sin, Éireannach agus coigríche araon, caithfear cion den ús/brabús a chur san áireamh san *Ioncam Ináirithe*. Ríomhtar an tsuim bhliantúil tríd an tús/brabús carnaithe ag deireadh na tréimhse infheistíochta a roinnt ar an líon blianta thar ar carnaíodh é. Mar shampla, bheadh ioncam bliantúil de €500 ar €5,000 a infheistíodh in 2006 le €7,500 a bhaint amach tar éis cúig bliana (.i. €2,500 roinnte ar a 5), chun críocha *Ioncaim Ináirithe* don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007. Ba chóir cionroinnt ama a dhéanamh ar an ús bliantúil sa bhliain a ndéantar an infheistíocht, agus sa bhliain a dtagann sí go luach, sa chás go mbíonn na tréimhsí sin níos lú ná bliain iomlán.

- Is é suim an úis le cur san áireamh maidir le gach iasacht ná cuntas taisce Éireannach ná an tsuim comhlán, .i. suim an ghlan-úis faighte móide an cháin Éireannach asbhainte.

- Is é an méid atá le cur san áireamh i leith SSIAanna ná deontas an rialtais arna thuilleamh ar choigiltis sa bhliain chánach iomchuí móide, i gcás cuntais taisce, an t-ús comhlán a tuilleadh sa bhliain chánach iomchuí, agus, i gcás cuntais infheistíochta, an brabús infheistíochta a tuilleadh sa bhliain chánach iomchuí. Tá caillteanais infheistíochta a tharlaíonn sa bhliain chánach iomchuí asbhainte.

- Is é an méid ioncaim atá le cur san áireamh maidir le dáiltí ó chuideachtaí Éireannacha ná, **i ngach cás**, an glanmhéid a fuarthas móide an creidmheas cánach.

- Is é an méid atá le cur san áireamh maidir le húis agus dabhinní coigríche comhionann € den mhéid comhlán tuillte roimh asbhaint cháin choigríche, más ann.

Mar eolas amháin

Cuid 7 - *Ioncam Ó Shocruithe Cothabhála, Shocruithe Idirscartha/Colscartha, Socraíochtaí, Iontaobhais, Cúnaint, Eastáit, Srl.*

Seachas an eisceacht luaite thíos, áirítear mionsonraí de gach ioncam - Éireannach agus coigríche araon - ó gach Socrú, Iontaobhas, Cúnant, Eastát, Socruithe Cothabhála srl., cibé an bhfuil siad díolmhaithe nó nach bhfuil, nó faoi fhaoiseamh ó cháin ioncaim Éireannach. I ngach cás, ba chóir an t-ioncam comhlán a thaispeáint.

Is í an eisceacht:

- Ní gá ioncam faighte ag **Iarrthóir** nach **Iarrthóir Aibí Neamhspleách** é/í faoi chúnant óna **t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí** a chur san áireamh.

The criteria specified for the purpose of establishing marital separation are as follows

(1)	leabhar sochair reatha mná chéile tréigthe	nó
(2)	leabhar íocaíochta reatha theaghlach tuismitheora aonair	nó
(3)	comhshocrú/ordú cothabhála/foraithne colscartha	nó
(4)	mionnscríbhinn faoi mhionn i láthair Choimisinéir Mionnaí/Coimisinéir Síochána go bhfuil sé/sí idirscartha.	

- Is é an seasamh i leith meastacháin Ioncaim Ináirithe dhaoine idirscartha a roghnaíonn comh-mheastachán cáin ioncaim, nach bhfuil aon cháin ag gabháil leis an íocaíocht chothabhála arna fháil ag an tuismitheoir lena gcónaíonn an t-iarrthoir, agus, dá bhrí sin, go léiríonn an tsuim mar atá luaite sa chomhaontú cothabhála an tsuim chomhlán.

Cuid 8 - *Diúscairt ar Shócmhainní & Cearta*

- Seachas na heisceachtaí luaite thíos, éilítear mionsonraí ar gach gnóthachan agus caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní agus cearta - Éireannach agus coigríche araon - cibé an raibh siad díolmhaithe, nó faoiseamh faighte ina leith, nó nach raibh, ó Cháin Gnóthachan Caipitiúil na hÉireann, agus/nó a chomhionann coigríche.

- **IS IAD NA HEISCEACHTAÍ:**

  Diúscairt phríomháit chónaithe príobháideach, ach amháin nuair a léiríonn an praghas díolta an luach forbartha.

  I gcás **Iarrthóra Aibí Neamhspleáigh**
  - diúscairtí idir **Céile** agus **Iarrthóir**
  - diúscairtí ó **Chéile** chuig **Iarrthóir** nó a leanaí cleithiúnacha.

  I gcás **gach Iarrthóra eile**:
  - diúscairtí idir **Tuismitheoirí/Caomhnóirí,**
  - diúscairtí ó **Thuismitheoirí/Caomhnóirí** chuig an iarrthóir,
  - diúscairtí ó **Thuismitheoirí/Caomhnóirí** chuig a leanaí cleithiúnacha.

Mar eolas amháin

COMHLÁNAIGH SCEIDEAL C, LEATHANACH 13 DEN FHOIRM IARRATAIS LE DO THOIL

POINTÍ SOILÉIRITHE:

- Is é an méid atá le cur san áireamh maidir le gach diúscairt an gnóthachan nó an caillteanas iarbhír, ríofa mar atá leagtha amach in SCEIDEAL C, roinnte ar an líon blianta dá bhfuil an tsócmhainn nó an ceart sealbhaithe.

- Ba chóir go gcuirfeadh an Costas Bunaidh costais ócáideacha, m.sh. lastas, srl. san áireamh.

- Is é an Praghas Diúscartha an praghas díolta comhlán, nó, mura bhfuil an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí, luach an mhargaidh. Má tá luach an mhargaidh á úsáid, cuir an ceannlitir 'M' i ndiaidh an fhigiúir atá á chur isteach sa cholún Praghas Diúscartha

- Áirítear ar Chostais Ócáideacha Diúscartha costais mar fhógraíocht, coimisiún díolacháin, srl.

- Ba chóir na Blianta Sealbhaithe a shlánú chuig an mbliain iomlán is gaire.

- Ní cheadaítear innéacsú costas chun críocha Ioncaim Ináirithe.

Diúscairt Chuóta Bainne

Tá cúiteamh do dhiúscairt chuóta bainne maidir le diúscairt sócmhainne.
Is mar seo a leanas a dhéantar an ríomh:

a) Cinneadh an chodáin a díoladh: $\frac{\text{Cúiteamh Cuóta}}{\text{Luach laghdaithe talún + cúiteamh cuóta}}$

b) Cinneadh gnóthachain/(caillteanais): Cúiteamh Cuóta − Lúide Costas gach phíosa talún **X** codán ag (a).

c) Méid le háireamh in Sceideal C: Gnóthachan/(caillteanas) ag (b) roinnte ar an líon blianta dár sealbhaíodh an talamh.

Diúscairt Scaireanna

Tá gnóthachain ar dhiúscairt scaireanna faighte faoi scéim cheadaithe roinnt Urabúis nó scéim rogha scaireanna le cur san áireamh san Ioncam Ináirithe. Is é an méid atá le cur isteach ná glanfháltais díolacháin lúide an praghas a íocadh, más ann dó, roinnte ar an líon blianta a sealbhaíodh iad.

Sóinseáil nó aibíocht pholasaí árachais saoil

Chur críocha *Ioncaim Ináirithe* caithfear an gnóthachan ar shóinseáil nó aibíocht pholasaí árachais saoil a dhearbhú. Is mar seo a leanas an ríomh:

[suim faighte ar shóinseáil nó aibíocht pholasaí árachais saoil lúide an tsuim/na suimeanna íoctha i bpréimhíocaíochtaí] roinnte ar [an líon blianta dár íocadh préimhíocaíochtaí].

ÁIPÉISEACHT THACAITHE le cur isteach leis an *bhFoirm Iarratais*:

- Ríomh an Ghnóthachain Chaipitil don bhliain chánach 2007 atá soláthraithe cheana nó atá le soláthar chuig an gCigire Cánach.

Mar eolas amháin

Cuid 9 - *Bronntanais & Oidhreachtaí*

Seachas na heisceachtaí atá luaite thíos, éilítear mionsonraí de gach bronntanas agus oidhreacht - Éireannach agus coigríche araon - Cibé ar éilíodh iad a thuairisciú chun críocha Cháin Fháltas Caipitiúil nó nár éilíodh.

Is iad na heisceachtaí:

a) I gcás **Iarrthóra Aibí Neamhspleáigh:**
- ní gá bronntanais agus oidhreachtaí idir **Iarrthóir** agus **Céile** a dhearbhú.

b) I gcás **gach Iarrthóra eile,** ní gá iad seo a leanas a dhearbhú:
- bronntanais agus oidhreachtaí idir **Tuismitheoirí/Caomhnóirí,**
- bronntanais agus oidhreachtaí arna bhfáil ag an **Iarrthóir** ó **Thuismitheoirí/Caomhnóirí.**

COMHLÁNAIGH SCEIDEAL D, LEATHANACH 13 DEN FHOIRM IARRATAIS LED' THOIL

C.A.T. / Bronntóir

Ciallaíonn **C.A.T.** Cáin Fháltas Caipitiúil.

Ciallaíonn **Bronntóir** an duine a sholáthraíonn an bronntanas nó an oidhreacht

Cuid 10 - *Foinsí Eile Ioncaim*

Samplaí den ioncam atá le cur san áireamh i gCuid 10 ná:

- Ioncaim saor ó cháin - Ealaíontóirí, Táillí Staile, Coillearnaigh, Táillí Graí na gCon, Paitinní, Faoiseamh Sheomra ar Chíos, Seirbhísí Chúram Leanaí.
- Leasanna nár cuireadh san áireamh ar ranníocaíochtaí P60/P21 - ranníocaíochtaí PRSA fostóra, leasanna eile incháinithe.
- Íocaíochtaí a fuarthas ar thús nó críoch fostaíochta nó iomarcaíochta, cúnaint shriantacha srl.
- Glanluach shuimeanna asbhainte ó tháirge pinsin, sula mbíonn scor ann, d'úsáid phearsanta.
- Suimeanna a fuarthas tar éis scor de ghnó - m.sh. réadú féichiúnaithe a mheastar a bheith neamhinbhailithe nuair a stop an gnó ag trádáil.
- Táillí nó coimisiúin tuillte lasmuigh de phríomhfhostaíocht nó féinfhostaíocht an duine aonair.
- Gnóthachain ó dhuaisbhannaí, crannchuir, cearrbhachas nó crannchuir gill.
- Ba chóir ioncam ó choillearnaigh a chur isteach sa bhformáid seo a leanas:

SCEIDEAL E - Brabach ó Choillearnaigh

Led' thoil, déan an Sceideal thíos a chomhlánú ar Leathanach 13 den Fhoirm Iarratais do Dheontas Mhac Léinn

Díolacháin agus ioncam eile ó Choillearnaigh do bhliain ag críochnú idir 1 Eanáir 2007 agus 31 Nollaig 2007 (deontais, préimheanna srl. san áireamh (a)	(a) € _____
Luach na gcrann ina seasamh ag tús an bliana (b)	(b) € _____
Móide caiteachas iomlán ar choillearnaigh sa bhliain (c)	(c) € _____
Lúide luach na gcrann ina seasamh ag deireadh na bliana (d)	(d) € _____
Costas na ndíolachán: (b) + (c) - (d)	(e) € _____
Brabach: (a) - (e) (Cuir an t-iomlán seo (f) san áireamh i Roinn 10 ar leathanach 11)	(f) € _____

Athrú in Ioncam ináirithe ar dócha go mbeidh sé buan.

Mar eolas amháin

Athrú in Imthosca

- Faoi fhorálacha tástála maoine na scéimeanna tacaíochta mac léinn, is é ioncam ináirithe iarrthóra an t-ioncam sin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 - bliain chánach 2007.

  Nuair a tharlaíonn **athrú in imthosca** dhuine aonair ag aon tráth i rith na tréimhse ón 1ú Eanáir 2008 go dtí an téarma deiridh de bhliain acadúil 2008/2009, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a n-ioncam ináirithe, is féidir leo iarratas a dhéanamh chuig a nÚdarás Áitiúil/Coiste Gairmoideachais chun go ndéanfaí measúnú nó athmheasúnú ar a gcabhair deontais.

  Déileáltar le measúnuithe den sórt sin mar seo a leanas:

- Ní bheidh tionchar ag **athrú deimhneach in imthosca** a tharlaíonn i rith na tréimhse dá dtagraítear thuas di ar incháilitheacht do chabhair deontais sa bhliain acadúil 2008/2009. Beidh incháilitheacht do chabhair deontais i mblianta acadúla ina dhiaidh sin, áfach, bunaithe ar ioncam go dtí an 31 Nollaig den bhliain sula ndéantar athbreithniú ar chabhair deontais.
- Athrú díobhálach in imthosca a tharlaíonn i rith na tréimhse dá dtagraítear thuas dó. Beidh incháilitheacht do chabhair deontais bunaithe ar an ioncam athbhreithnithe seachas ar ioncam sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007. De ghnáth, nuair a dhéantar dámhachtainí nó leasuithe i gcásanna nuair a bhíonn athrú díobhálach san ioncam ináirithe, arna mheas faoin rannóg seo, beidh siad i bhfeidhm ón dtéarma choláiste ina dtarlaíonn an t-athrú in imthosca
- **Íocaíochtaí Ragoibre**

  Nuair is féidir a chruthú gan aon amhras nach de chineál athfhillteach iad íocaíochtaí ragoibre, is féidir leis an Údarás Áitiúil nó leis an gCoiste Gairmoideachais neamhaird a dhéanamh d'íocaíochtaí den sórt sin agus iad ag measúnú ioncam ináirithe iarratasóirí ar dheontas. Ba chóir litir ón bhfostóir ag lua nach dtarlóidh an ragobair arís sa bhliain chánach reatha a chur isteach leis an iarratas. Ina theannta sin, beidh sé riachtanach fianaise a sholáthar, m.sh. i bhfoirm P60, de thuilleamh comhlán na bliana roimhe sin freisin, .i. P60 a sholáthar don dá bhliain chánach 2007 agus 2006. Sa chás go ndéantar neamhaird de ragobair mar ioncam ináirithe déanfar athmheasúnú ar gach cás den sórt sin don bhliain acadúil dar gcionn.

Athbhreithniú/Athmheas

- Déantar deontais faoi na Scéimeanna Deontais Cothabhála a athbhreithniú / a athmheas in aghaidh na bliana.